



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2023
(OR. en)

15628/23

ECOFIN 1206
UEM 367
SOC 799
EMPL 573

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 902 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 902 final.

Faoi iamh: COM(2023) 902 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 21.11.2023
COM(2023) 902 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS
SÓISIALTA NA hEORPA**

Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh

{SWD(2023) 901 final} - {SWD(2023) 902 final}

TEACHTAIREACHT I NDÁIL LEIS AN TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH

Sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh (AMR), sainithnítear Ballstáit a measann an Coimisiún go bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh dóibh, nó go bhféadfadh sé go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh míchothromaíochtaí difear dóibh, bunaithe ar léamh eacnamaíoch scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha¹. Leis an léamh, déantar breithniú ar na sonraí olltroidh le haghaidh 2022, a léirmhíneáir ar bhealach réamhbhreathnaitheach, agus forbairt na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar fhorbairtí eacnamaíocha a tharla le linn na bliana in 2023 mar aon le réamhaisnéisí fadtéarmacha ó réamhaisnéis an fhómhair 2023 ón gCoimisiún á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha. Tá anailís iomlán agus iarscríbhinn ina bhfuil luachanna an scórchláir le fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an Teachtaireacht seo².

I dTuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, déantar breithniú ar éabhlóid na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha tráth a bhfuil an ráta boilscithe fós ard, cé go bhfuil sé ag ísliú, agus fás eacnamaíoch lag ann. Faoi thús 2023, is cosúil gur baineadh buaicphointe an bhoilscithe ceannlíne amach i bhformhór gheilleagair an Aontais toisc gur tháinig laghdú ar phraghsanna fuinnimh agus go bhfuil na laghduithe leanúnacha ar bhoilsciú bia ag maolú brúnna praghsanna. D'ainneoin laghduithe substaintiúla, mar a léirítear sna sonraí is déanaí, d'fhéadfadh sé a bheith deacair an boilsciú a mhaolú go leibhéal níos inmhianaithe sna blianta beaga amach romhainn mar gheall ar righneas praghsanna croí-earraí. Cuireann tréimhse fhada bhoilscithe ardaithe leis an mbaol go leanfadh an éagsúlacht de réir mar a dhéanann geilleagair náisiúnta tionchar an tsuaite praghsanna fuinnimh a choigeartú agus a athdháileadh ar bhealaí éagsúla. Is beag fás a bhí ann i dtéarmaí réadacha i roinnt tíortha, go háirithe thart ar thús na bliana, mar gheall ar thomhaltas laghdaithe a eascraíonn as fíorchumhacht cheannaigh teaghlaigh a bheith laghdaithe agus as an teannadh airgeadaíochta a mhaolaíonn an t-éileamh. Is é an t-ionchas atá ann faoi láthair go mbeidh laghduithe breise ar rátaí boilscithe, cé go mbeidh siad níos moille, agus méadú de réir a chéile ar fhíorfhás OTI. Is é an comhthéacs domhanda is cúis leis na rioscaí don ionchas: an choinbhleacht nua sa Mheánoirthear, cogadh leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus comhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú go ginearálta, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an trádáil dhomhanda agus deacrachtaí a chruthú ó thaobh dálaí seachtracha de. Ar fud an domhain, mar thoradh ar an mboilsciú agus ar fhreagairtí na mbanc ceannais chun dul i ngleic le brúnna boilscitheacha, chomh maith leis an luachmhéadú ar dhollar na Stát Aontaithe, tá roinnt struis airgeadais ann lasmuigh den Aontas.

Léamh téamach earnáilsonrach

- In 2022, tháinig laghdú ar chomharduithe cuntas reatha i mbeagnach gach Ballstát, ach tá méadú ag teacht orthu i bhformhór na gcásanna in 2023. Mar gheall ar thionchar

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú

² Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, SWD(2023) 901

praghsanna fuinnimh an-ard, **tháinig laghdú ar bharrachais agus méadú ar easnaimh**. Tháinig laghdú ar chomharduithe fuinnimh agus neamhfuinnimh araon, rud a léiríonn téarmaí trádála atá ag dul in olcas chomh maith le héileamh intíre atá fós láidir, cé go bhfuil sé ag lagú, agus dímhéasanna rátaí malairte i roinnt tíortha. Tháinig laghdú beag ar bharrachais arda sa chuntas reatha in 2022. D'fhan comharduithe cuntas reatha fhormhór na dtíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad faoi bhun na leibhéil atá fabhrach chun iad a cheartú go tapa. Go ginearálta, tháinig cúngú ar na **staideanna glana seachtracha móra stoic**, idir staideanna dearfacha agus staideanna diúltacha, ach bhí siad fós substaintiúil. Le linn 2023, bhí comharduithe seachtracha ag filleadh go páirteach ar na leibhéil ar a raibh siad roimhe seo, a bhuí, den chuid is mó, le praghsanna fuinnimh níos ísle agus éileamh atá ag lagú. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar roinnt mhaith easnamh measartha sa chuntas reatha, tá easnaimh i bhfad níos airde ann fós i líon beag tíortha ná mar a bhí roimh 2022 nó roimh ghéarchéim COVID-19. Thairis sin, tá na heasnaimh sin fós níos airde ná an méid a mholfadh na bunphrionsabail nó an méid a bheadh ag teastáil chun feabhas a chur ar a staid sheachtrach stoic i dtreo leibhéil níos stuama. Tá méadú ag teacht ar chuntais reatha fhormhór na dtíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad de réir mar a théann tionchar na bpraghsanna fuinnimh i léig.

- In 2022, thit comhardú **chuntas reatha an limistéir euro** go mór, rud a d'fhág go raibh comhardú diúltach ann den chéad uair le breis agus deich mbliana anuas mar thoradh ar na praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde, ach tá méadú ag teacht air ó shin i leith. Leis an meath ar na téarmaí trádála, tháinig laghdú mór ar an gcomhardú trádála ainmniúil de réir mar a tháinig méadú i bhfad níos tapa ar luachanna allmhairí ná mar a tháinig ar luachanna onnmhairí, agus d'fhan an comhardú trádála cobhsaí den chuid is mó i dtéarmaí réadacha. Agus feabhas ag teacht ar na téarmaí trádála agus fíoréileamh laghdaithe ann, thosaigh cuntas reatha an limistéir euro ag neartú go déanach in 2022 agus d'fhill sé ar bharrachas sa dara ráithe de 2023. Táthar ag tuar go leanfaidh sé ar aghaidh ag feabhsú i mbliana agus an bhliain seo chugainn, agus comhardú trádála atá ag neartú ann. Ar an iomlán, mar thoradh ar chúngú staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta, tá athchothromú déanta **ar staideanna seachtracha laistigh den limistéir euro**; is mó na hathruithe atá déanta ar na staideanna sin i gcás tíortha ar glanfhéichiúnaithe iad d'ainneoin roinnt laghduithe suntasacha ar a gcuntais reatha.
- Tháinig méadú suntasach ar an bhfás ar **chostais aonad saothair** ar an iomlán agus bhí éagsúlacht mhór ann ó thír go chéile in 2022 agus in 2023 – lena n-áirítear laistigh den limistéir euro, ina bhfuil rioscaí iomaíochais níos airde ag baint leis an éagsúlacht. Tá fás an-láidir i roinnt Ballstát, rud a léiríonn borradh mór i gcomparáid le blianta beaga anuas. Tháinig méaduithe nach beag ar rátaí pá i bhformhór na dtíortha, ach bhí siad fós faoi bhun na méaduithe ar an gcostas maireachtála. Mar thoradh air sin, cuireadh brú ar bhuiséid teaghlaigh, go háirithe i gcás daoine ar ioncam íseal. In 2023, tá méadú mór ag teacht ar rátaí pá. Dá thoradh sin, tuartar go n-ardóidh costais aonad saothair níos tapa fós in 2023 ná in 2022 i bhformhór na dtíortha, agus fiú in áiteanna ina bhfuil siad measartha, meastar go dtiocfaidh fás mór orthu fós. Ar bhonn carnach, tuartar go dtitfidh pá i dtéarmaí réadacha le linn 2022 agus 2023. Maidir le 2024, táthar ag tuar go dtiocfaidh moilliú suntasach ar rátaí fáis na gcostas aonad saothair, ach tá éiginnteacht ard ann fós ós rud é go bhfuil pá ag brath ar chaibidlíocht nach ndearnadh go fóill i roinnt mhaith tíortha. An fás níos láidre a bhfuil coinne leis ar chostais aonad saothair i roinnt tíortha ar glanchreidiúnaithe iad, ba cheart é sin a bheith ina thacú le hathchothromú siméadrach breise na staideanna seachtracha laistigh den limistéir euro in 2023 agus 2024.
- Mar thoradh ar dhímheas ainmniúil an euro in aghaidh mórairgeadraí eile in 2022 – ós rud é go raibh tionchar níos díri ag an ngéarchéim fuinnimh ar an Eoraip agus go raibh na dálaí airgeadaíochta fós níos scaoilte – tháinig dímhéas foriomlán ar **fhíor-ráta malairte glan** an limistéir euro. Neartaigh an euro sa chéad leath de 2023. Laistigh den limistéir

euro, tá sé léirithe ag tíortha ina bhfuil ráta ard boilscithe go bhfuil tuiscint leanúnach acu ar a bhfíor-rátaí malairte glana, arb iad na difreálaigh sa bhoilsciú foluiteach is mó is cúis leo. Lasmuigh den limistéar euro, ba thoisc nach beag iad na hathruithe ar an ráta malairte ainmniúil a rinne difear d'fhíor-rátaí malairte glana, agus i bhformhór na dtíortha tháinig luachmhéadú éigin orthu le linn 2023 tar éis dímheas ainmniúil in 2023, fiú i gcoibhneas leis an euro. Ar an iomlán, d'éirigh an seasamh airgeadaíochta níos déine agus tharla sé sin ní ba luaithe i dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro, go háirithe ag tús na tréimhse boilscithe. Mar sin féin, sna tíortha sin, agus d'ainneoin an laghdaithe shoiléir ar an mboilsciú ceannlíne ó thús na bliana seo, tá brúnna praghsanna fós ard.

- Tháinig laghdú ar chóimheasa idir fiachas corparáideach agus OTI in 2022, rud a léiríonn fás láidir ainmniúil ar OTI. Bhí sreafaí iasachta láidir don chuid is mó de 2022, ach tháinig moilliú géar orthu i dtreo dheireadh na bliana. Tháinig méadú ar bhrabúis ar an iomlán de réir mar a bhain gnólachtaí tairbhe as cumhacht phraghsála níos airde. Mar sin féin, tháinig moilliú ar an bhfás ar bhrabús in aghaidh an aonaid, agus rinne sé sin difear d'earnáil na tionsclaíochta ach go háirithe. Faoi 2023, bhí díghiaráil ghníomhach le feiceáil i roinnt tíortha de réir mar a d'éirigh sreafaí iasachta diúltach. Tá na stoic fiachais fós suntasach i roinnt mhaith Ballstát áfach, agus tá siad os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i gcásanna áirithe agus tá toisc riosca ag baint leo. Ós rud é gur gnách go dtógtar iasachtaí corparáideacha amach faoi choinníollacha solúbtha agus le haibíochtaí gearra, méadaíonn ualaí úis atá ag dul i méid brúnna i roinnt earnálacha, lena n-áirítear earnáil na réadmhaoine tráchtála. I roinnt tíortha, tá méadú ag teacht ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar fhéimheachtaí gnó agus is iad na hearnálacha ardriosca is mó atá buailte, lena n-áirítear na hearnálacha cóiríochta, bia agus iompair. Go luath amach anseo, is dócha go dtiocfaidh méadú ar leochaileachtaí corparáideacha mar gheall ar ualaí rátaí úis atá ag dul i méid, brabúis atá ag laghdú, brú ar iomaíochas costais a d'fhéadfadh a bheith ann agus rochtain theoranta ar mhaoiniú. Agus níos lú daoine agus gnólachtaí ag dul i muinín iasachtaí nua, is dócha go gcuirfear bac ar infheistíocht chorporáideach, rud a dhéanfaidh difear d'ionchais fáis sa todhchaí.
- Bhí borradh leanúnach faoi **phraghsanna tithe** i bhformhór na mBallstát sna míonna tosaigh de 2022, sular shroich siad cor cinniúnach. Mar thoradh ar mheascán de rátaí morgáiste níos airde agus ioncaim indiúscartha réadacha níos ísle, cuireadh moill ar mhéaduithe ar phraghsanna tithe, agus thit praghsanna tithe ar bhonn ráithiúil nó ar bhonn bliantúil fiú sna tíortha is mó atá buailte, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar róluachálacha. Meastar go leanfaidh praghsanna tithe de bheith ag oiriúnú do rátaí úis níos airde. I líon beag tíortha, áfach, nár tháinig méadú suntasach ar rátaí morgáiste iontu nó ina bhfuil maoiniú ag sreabhadh isteach ó thar lear, tá fás láidir fós ar phraghsanna tithe agus tá borradh faoin ngníomhaíocht tógála.
- Lean **cóimheasa fiachais teaghlaigh** de bheith ag titim in 2022, d'ainneoin sreafaí móra morgáiste le linn mhíonna tosaigh na bliana. Tá laghdú breise ag teacht ar fhiachas teaghlaigh in 2023 mar gheall ar shreafaí morgáiste laghdaithe, agus tá éifeacht ainmneora níos laige ann ná mar a bhí in 2022 toisc go bhfuil fíorfás OTI agus an boilsciú ag moilliú. D'ainneoin na laghduithe leanúnacha sin ar chóimheasa fiachais, tá méadú tagtha ar an ualach úis ar roinnt teaghlach agus leanfar de sin i roinnt mhaith tíortha de réir mar a imríonn rátaí úis níos airde tionchar iarmharach ar íocaíochtaí míosúla morgáiste de réir a chéile. Braithéann méid agus luas an mhéid sin ar cé chomh fada agus a shocraítear rátaí morgáiste agus ar sciar na n-íocaíochtaí úis in íocaíochtaí míosúla. Ar fud an Aontais, tháinig méadú nach beag ar rátaí morgáiste le linn 2022, rud a d'fhág go bhfuil rátaí os cionn na leibhéal a breathnaíodh le deich mbliana anuas. I roinnt tíortha, tá a mbuaicphointe bainte amach acu le déanaí, ach sa chuid is mó díobh, bhí an costas iasachtaíochta fós ag ardú i mí Mheán Fómhair 2023.

- Thit **fiachas rialtais** mar sciar de OTI in 2022, toisc go raibh éifeacht ainmneora láidir ag an bhfás ainmniúil, agus tá tuilleadh laghdaithe ar siúl. Chuir an fás ainmniúil freisin le hioncaim chánach arda agus tháinig laghdú ar easnaimh rialtais. Cé gur chuir bearta tacaíochta chun tionchar praghsanna fuinnimh níos airde a mhaolú leis an easnamh, i bhformhór cásanna tháinig siad in ionad na bpacáistí tacaíochta paidéime a bhí measartha mór. Tá cóimheasa idir fiachas rialtais agus OTI fós níos airde ná mar a bhí siad roimh ghéarchéim COVID-19 i bhformhór na dtíortha, cé is moite go príomha de roinnt tíortha a bhfuil fiachas ard acu ina bhfuil fíorfhás OTI an-láidir. Le linn 2023 agus 2024, tuarar go dtitfidh na leibhéil fiachais níos moille i bhformhór na gcásanna nó go bhfanfaidh siad mar atá i gcásanna eile. Tá an t-ualach úis a bhaineann le fiachas rialtais ag dul i méid, agus tá ollriachtanais mhaoiniúcháin mhóra fós ag roinnt mhaith tíortha, agus meastar go n-eascróidh caiteachas rialtais níos airde as boillsiú ard diaidh ar ndiaidh.
- Tháinig athrú ar an timpeallacht don **earnáil baincéireachta** de bharr boillsiú níos airde agus rátaí úis a bhí ag dul i méid, rud a chuir ar a cumas di a bheith níos brabúsaí de réir mar a mhéadaíonn corrlaigh úis. Ar an iomlán, tá an earnáil baincéireachta caipitlithe go maith agus tá leachtacht leordhóthanach inti. D'ainneoin an bhrú atá ar iasachtaithe, tá leibhéal íseal na n-iasachtaí neamhthuillmheacha fós cobhsaí go dtí seo. Tá laghdú sealadach tagtha ar luachálacha earnáil baincéireachta an limistéir euro tar éis féimheachtaí bainc sna Stáit Aontaithe agus san Eilvéis i mí an Mhárta, ach seachas sin ní cosúil go bhfuil méadú ar na leochaileachtaí gaolmhara inti. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-ionchas eacnamaíoch gearrthéarmach lag difear a dhéanamh do shócmhainní agus do rioscaí creidmheasa, agus d'fhéadfadh earnálacha áirithe, amhail an earnáil réadmhaoine tráchtála, a bheith ina gcúis struis. Tá éiginnteacht ann freisin maidir le leochaileachtaí folaithe a d'fhéadfadh a bheith ann san earnáil airgeadais, lena n-áirítear san earnáil airgeadais neamhbhainc. Léiríonn torthaí thástáil struis 2023 a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach go bhfuil bainc na hEorpa in ann torthaí díobhálacha a sheasamh agus a bheith níos athléimní i gcomparáid le cleachtaí roimhe seo.

An t-ionchas maidir le míchothromaíochtaí eacnamaíocha

A bhuí le fás ainmniúil láidir bhíothas in ann fiachas a dhíghiaráil, rud a mhaolaigh roinnt míchothromaíochtaí seanbhunaithe, ach tá méadú tagtha ar an mbrú a eascraíonn as dálaí maoiniúcháin níos déine. D'éascaigh timpeallacht an bhoilscithe díghiaráil éighníomhach níos tapa, rud a laghdaíonn féichiúnas a fhad is nach dtiocfaidh aon strus nua chun cinn. I gcás tíortha atá ar chonair na díghiarála, tá an timpeallacht atá ann faoi láthair fabhrach agus ba cheart go leanfadh sé de bheith fabhrach do leochaileachtaí a mhaolú. Féadfaidh an laghdú ar fhiachas de réir a chéile leanúint ar aghaidh i dtíortha ina bhfuil leochaileachtaí seanbhunaithe ar choinníoll nach bhfuil aon riachtanas breise maoiniúcháin ann, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra i gcás ina bhfuil iasachtaí ón earnáil phríobháideach tógtha amach ag teaghlaigh atá faoi róbhrú le blianta beaga anuas agus ina bhfuil tréimhsí gearra ina gcuis le riachtanais mhaoiniúcháin. I dtíortha ina n-éilítear méideanna móra fiachais a thar-rolladh ar mhaithe le seirbhísiú fiachais, agus ina bhfuil an méadú tapa ar íocaíochtaí morgáiste ina dhúshlán ag an earnáil phríobháideach, tá costais mhéadaithe seirbhísithe fiachais ina riosca don gheilleagar. D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag corparáidí neamhairgeadais a bhfuil fiachais mhóra acu a n-oibleagáidí maoiniúcháin méadaithe a chomhlíonadh má bhíonn brú breise orthu ó dhálaí eacnamaíocha atá ag athrú, lena n-áirítear brú ar a n-iomaíochas. I gcásanna áirithe, tá na rátaí úis os cionn na rátaí fáis ainmniúil OTI nó tá siad ag teannadh leo, rud a mhéadaíonn an t-ionchas go mbeidh éifeacht charnach ar fhiachas rialtais, ar ionchas é sin a éilíonn go ndéanfar príomhbharrachais níos mó a shrianadh.

Is riosca níos nithiúla é an meathlú ar iomaíochas costais de réir mar a thagann méadú ar an mbearna idir brúnna praghsanna agus brúnna costais. Cuireadh i dtábhacht ábhair inné maidir le hiomaíochas costais i dTuarascáil na bliana seo caite maidir leis an Sásra Foláirimh, ós rud é gur mó an dóchúlacht, mar gheall ar mhéaduithe difreáilte ar phraghsanna agus ar chostais, go mbeidh fíor-luachmhéadú ann agus go mbeidh rioscaí ann ina dhiaidh sin maidir le caillteanas iomaíochais i dtíortha ina bhfuil méaduithe móra ar phraghsanna. Is ann do na hábhair inné sin go fóill, cé go bhfuil laghdú tagtha orthu i gcásanna áirithe. Léiríonn roinnt tíortha ina bhfuil boillsciú ard comharthaí de righneas croí-bhoilscithe ar leibhéal ard, agus tá méaduithe arda leanúnacha ar chostais aonad saothair le feiceáil iontu, de réir mar a thagann laghdú ar bhunrátaí tíortha eile, rud a mhéadaíonn na difríochtaí i leibhéil na bpraghsanna. D'fhéadfadh caillteanais iomaíochais leanúnacha tionchar iarmharach a imirt ar fhorbairtí eacnamaíocha eile dá mbeadh leochaileachtaí ann amhail fiachas nó strus atá ann cheana in earnálacha ar leith a bhfuil fiachais orthu. I gcás tíortha an limistéir euro, ní rogha é costais agus praghsanna intíre a athailíniú trí bhíthin athruithe ar an ráta malairte ainmniúil. Ina theannta sin, fágann éifeachtaí boilscithe éagsúla gur deacra cúram an údaráis airgeadaíochta toisc go bhféadfadh difríochtaí i bhfíor-rátaí úis ar fud an limistéir euro cur isteach ar tharchur aonfhoirmeach na n-athruithe ar sheasamh airgeadaíochta chuig gach cuid den aontas airgeadaíochta, rud a d'fhéadfadh tuilleadh éagsúlachta a spreagadh. Ar fud an Aontais, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag tíortha aghaidh a thabhairt ar bhoillsciú láidir agus agus ar an bhfás lagaithe agus, san am céanna, leanúint de bheith i gcomhréir lena bpiaraí.

D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach na comharduithe seachtracha a choigeartú tar éis an tsuaite praghsanna, go háirithe i gcás tíortha a bhfuil easnaimh sheachtracha acu.

Tá an baol ann anois i gcás roinnt tíortha go leanfaidh easnaimh mhóra sa chuntas reatha ar aghaidh go luath amach anseo mar gheall ar a spleáchas ard ar allmhairí fuinnimh nó mar gheall ar éileamh athléimneach intíre, rud a bhaineann go minic le beartais fhioscacha scaoilte. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le dlús a chur le coigeartuithe struchtúracha costasacha de rogha ar spleáchas ard ar allmhairí chun carnadh fiachais sheachtraigh nó laghdú ar fhás féideartha a sheachaint. Le himeacht ama, d'fhéadfadh brú eacnamaíoch eascairt as laigí seachtracha agus méadú ar fhéichiúnas seachtrach má thagann laghdú ar iomaíochas costais agus mura gcuirtear srian le héileamh inmheánach. Tá corrlach áirithe ar an taobh seachtrach ag formhór na dtíortha atá i mbaol caillteanais iomaíochais mharthanacha mar thoradh ar bhoillsciú ard toisc go bhfuil a gcuid staideanna seachtracha tosaigh foluiteacha láidir. Na barrachais sa chuntas reatha a thit in 2022, tá siad ag méadú arís. Bheadh tionchar ag praghsanna fuinnimh fadtéarmacha níos airde ar aschur na dtíortha sin. Beidh a mhéid a dhéanfaidh siad difear do na cuntais reatha ag brath ar an gcaoi a bhfreagraíonn an t-éileamh. Maidir leis an toradh ar athchothromú an limistéir euro, braitheann sé sin ar choigeartuithe coibhneasta na dtíortha barrachais agus easnaimh de réir mar a thagann gnáthdhálaí eacnamaíocha ar ais, agus táthar ag tuar go leanfar den athchothromú.

I bhformhór na gcásanna, léiríonn an t-aisiompú ar dhinimic praghsanna tithe coigeartú bog ar rátaí úis níos airde, ach i gcásanna eile is cúis inné níos mó í an dinimic, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ann d'earnálacha eile. I bhformhór na gcásanna, an modhnú nó an laghdú ar phraghsanna tithe atá ar bun, is féidir coinne a bheith leis go mbeidh sé teoranta do choigeartú leibhéil atá ina léiriú ar thimpeallacht an ráta úis níos airde, sula dtiocfaidh méadú orthu arís san fhadtéarma mar gheall ar sholáthar tithíochta teoranta. Mar sin féin, is féidir lúba athchothaithe isteach sa gheilleagar a bheith ann. Is amhlaidh atá go háirithe i roinnt tíortha ina bhfuil laghdú tagtha ar thomhaltas teaghlaigh de bharr rátaí morgáiste níos airde i gcásanna ina bhfuil fiachais mhóra ar theaghlaigh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh difríochtaí maidir le tarchur beartais airgeadaíochta teacht as difríochtaí in aistriú rátaí úis ina n-íocaíochtaí iasachta i dtíortha ina bhfuil praghsanna tithe ag cúlú, d'fhéadfadh praghsanna atá ag titim brú a chur ar na bainc, ós rud é go mbeadh laghdú ar a gcomhthaobhacht, rud a laghdódh cáilíocht sócmhainní

agus a dhéanfadh difear don chaipitliú chomh maith leis an soláthar creidmheasa don chuid eile den gheilleagar. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear ar leith do chorparáidí neamhairgeadais atá an-ghníomhach san earnáil réadmhaoine tráchtála, agus b'amlaidh an cás do na bainc atá an-neamhchosanta ar an earnáil réadmhaoine tráchtála. I dtíortha áirithe, ar an taobh eile, tá fás mór fós ag teacht ar phraghsanna, rud a bhaineann le rátaí úis a bheith ró-íseal nó cistí seachtracha a bheith ag sreabhadh isteach, b'fhéidir, agus d'fhéadfadh leochaileachtaí níos airde agus ceartú géar a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a bheith mar thoradh ar chnádadh leanúnach rioscaí san earnáil réadmhaoine.

Conclúidí tírshonracha

In 2024, ullmhófar Grinn-Athbhreithnithe do na 11 Bhallstát a sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha iontu in 2023³. Tugtar forléargas sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh ar éabhlóid na bpríomhshonraí is cúis leis na míchothromaíochtaí sin. Déanfar measúnú eacnamaíoch sna Grinn-Athbhreithnithe atá le foilsiú sa chéad leath de 2024 maidir le cibé acu atá na míchothromaíochtaí sin ag géarú, á gceartú, nó ceartaithe cheana féin, d'fhonn na measúnuithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bheartais a d'fhéadfadh a bheith ann go fóill. Is amhlaidh a bheidh sé i gcás **na Cipire, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na hIodáile, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Rómáine, na Spáinne, agus na Sualainne.**

Ina theannta sin, baintear de thátal as léamh eacnamaíoch an scórchláir go ndéanfar Grinn-Athbhreithniú ar an tSlóvaic, ós rud é go mbaineann rioscaí ar leith léi maidir le míchothromaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn. Sa tSlóvaic, is ann fós d'ábhair imní maidir le hiomaíochas costais, cuntais sheachtracha, airgeadas an rialtais, praghsanna tithe agus fiachas teaghlaigh. Rinneadh anailís ar na hábhair imní sin i nGrinn-Athbhreithniú a rinneadh in earrach 2023, agus fuarthas amach go bhfuil srian leo ar an iomlán sa gharthodhchaí, agus meastar go maolófaí iad de réir mar a thiocfadh gnáthdhálaí eacnamaíocha ar ais, rud a d'fhág gur thángthas ar an gconclúid nach ann d'aon mhíchothromaíocht⁴. Léirítear i léamh reatha an scórchláir don tSlóvaic go raibh ceithre tháscaire in 2022 thar a dtairseacha tháscacha, mar atá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, an sciar den mhargadh onnmhairíochta, costais aonad saothair, agus an ráta dífhostaíochta i measc an aosa óig. Léiríonn léamh eacnamaíoch an scórchláir go bhfuil rioscaí míchothromaíochtaí ann toisc gur cosúil nach bhfuil laghdú soiléir ag teacht ar na rioscaí sin. Tar éis roinnt blianta de mhéaduithe suntasacha, meastar go dtiocfaidh borradh breise faoi chostais ainmniúla aonad saothair, agus go mbeidh siad ag fás ar ráta níos tapa ná mar atá sa limistéar euro ar an iomlán. Tá an boilsciú ceannlíne agus an croí-bhoilsciú fós i bhfad os cionn phiaraí an limistéir euro, agus níl laghdú leordhóthanach ag teacht ar an mbearna eatarthu, chun méaduithe carntha ar leibhéil praghsanna a chealú. Tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós measartha mór, fiú má tá laghdú ag teacht air le déanaí mar gheall ar phraghsanna fuinnimh níos ísle. Maidir leis an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, ar léir í a bheith diúltach, meastar go bhfanfaidh sí cobhsaí i mbliana agus go rachaidh sí beagán in olcas an bhliain seo chugainn; gan ionstraimí neamh-mhainneachtana a chur san áireamh, tá sí anois ar an leibhéal is ísle le fiche bliain anuas. Tiocfaidh méadú ar an easnamh físcach, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar fhiachas rialtais amach anseo de réir mar a mhaolódh fás ainmniúil OTI agus de réir mar a thiocfaidh méadú ar an easnamh. D'éirigh fás ainmniúil ar phraghsanna tithe diúltach le déanaí, ach tá comharthaí ann a thabharfadh le fios go bhfuil róluacháil praghsanna fós ar bun. An cóimheas idir fiachas teaghlaigh agus OTI, a bhí ag ardú le fiche bliain anuas, meastar go dtiocfaidh

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Seimeastar Eorpach 2023 - Pacáiste an Earraigh' COM(2023) 600.


⁴ Féach an fonóta roimhe seo; féach freisin *In-depth review for Slovakia* [Grinn-Athbhreithniú le haghaidh na Slóvaice], an 24 Bealtaine 2023, SWD(2023) 643 final.

laghdú air i mbliana de bharr boilsciú ard, agus go mbeidh sreafaí creidmheasa fós athléimneach.

I gcás na mBallstát eile, ní gá Grinn-Athbhreithnithe a dhéanamh ag an bpointe seo. I gcás na mBallstát sin a bhí faoi réir Grinn-Athbhreithnithe in earrach 2023, ach nár sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha iontu (**an tSeicia, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, agus Lucsamburg**), baintear de thátal as an Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh, cé go bhféadfadh roinnt forbairtí a bheith ina n-ábhar imní, go bhfuil laghdú ag teacht ar rioscaí gaolmhara míchothromaíochtaí de réir mar a thagann gnáthdhálaí eacnamaíocha ar ais.

I gcás **ceithre** Bhallstát eile, baintear de thátal as léamh eacnamaíoch an scórchláir gur gá aird a thabhairt ar roinnt forbairtí nó ábhar imní, cé nach ndéanann míchothromaíochtaí difear dóibh, ná nach bhfuil baol ann go ndéanfaidh míchothromaíochtaí difear dóibh. **Sa Bhulgáir**, is forbairtí ábhartha iad forbairtí a bhaineann le hiomaíochas costais, iasachtaíocht teaghlaigh dhinimiciúil agus fás láidir ar phraghsanna tithe. Meastar go leanfaidh costais ainmniúla aonad saothair de bheith ag fás go géar, agus tá an croí-bhoilsciú i bhfad os cionn mheánráta an limistéir euro. Mhaolaigh an fás ainmniúil ar phraghsanna tithe le déanaí ach tá sé fós ard, agus tá an iasachtaíocht teaghlaigh ar leibhéal marthanach agus tá fiachas teaghlaigh faoi smacht. Maolaítear rioscaí le staid sheachtrach fholuiteach láidir agus le próiseas leanúnach an chóineasaithe ainmniúil. **Sa Chróit**, tá méadú tagtha le déanaí ar bhrúnna a bhaineann le hiomaíochas costais agus tá praghsanna tithe ag fás go láidir. Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais ainmniúla aonad saothair, tá rioscaí á maolú le déanaí mar gheall ar dhifreálaigh shubstaintiúla shoiléire i ndáil leis an limistéar euro. Cé go bhfuil an fiachas rialtais ard, tá laghdú leanúnach ag teacht air agus táthar ag tuar go sroichfidh sé leibhéal faoi bhun 60 % de OTI faoi dheireadh na bliana seo chugainn. Tá an fás ainmniúil ar phraghsanna tithe fós ard de réir mar a leanann praghsanna de bheith ag ardú go láidir. **Sa Danmhairg**, tá méadú breise tagtha ar an mbarrachas mór sa chuntas reatha agus tá corparáidí neamhairgeadais agus fiachais teaghlaigh an-ard. Is é an barrachas sa chuntas reatha an barrachas is airde san Aontas agus tá méadú tagtha air le deich mbliana anuas agus tháinig méadú breise air in 2022. Cé go bhfuil sé ag maolú, táthar ag tuar go mbeidh an barrachas fós ard, ach rioscaí teoranta ann maidir le tionchar iarmharach agus tá bunphrionsabail eacnamaíocha na Danmhairge fós láidir. **Sa Pholainn**, tá ábharthacht mhéadaitheach ag baint le forbairtí a bhaineann le costais aonad saothair agus leis an easnamh físcach ard atá ag dul i méid. Tháinig méadú suntasach ar chostais ainmniúla aonad saothair anuraidh, agus meastar go dtiocfaidh fás níos suntasaí orthu i mbliana, agus bhí an boilsciú ceannlíne agus an croí-bhoilsciú os cionn mheánráta an limistéir euro agus mheánráta an Aontais. Tháinig méadú ar an easnamh físcach anuraidh agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú suntasach breise air in 2023, ach tá an staid sheachtrach fós ag neartú agus níl sí lastall de thairseach an scórchláir a thuilleadh, rud a mhaolaíonn rioscaí.

Graf 1: Líon na mBallstát, agus comhiomláin an limistéir euro agus an Aontais, a bhfuil athróga scórchláir lastall de thairseacha á dtaifeadadh acu



Maidir le líon na mBallstát a bhfuil athróga scórchláir lastall de thairseacha ábhartha á dtaifeadadh acu i mbliain áirithe, tá sé bunaithe ar bhliain an scórchláir a fhoilsítear leis an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Sársa Foláirimh faoi seach. Cuirtear comhiomláin AE27 agus EA20 isteach i gcás ina bhfuil sé lastall den tairseach. Le hathbhreithnithe sonraí *ex-post* a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht i líon na luachanna lastall de thairseacha a ríomhtar leis na figiúirí is déanaí le haghaidh athróga an scórchláir i gcomparáid leis an líon a thuairiscítear sa ghráf thuas; cuir i gcás, maidir leis an méadú ar líon na mBallstát a raibh léamha cuntais reatha acu a bhí lasmuigh de na tairseacha idir sonraí 2019 agus 2020 a fheictear sa ghráf thuas, is iad athbhreithnithe ar shonraí is cúis leis den chuid is mó. Déantar réamhaisnéisí maidir le dliteanais san earnáil airgeadais le haghaidh 2022 amháin; ní dhéantar aon réamhaisnéis maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach ná dífhostaíocht i measc an aosa óig.

Foinse: Ríomhanna Eurostat agus an Choimisiúin

Graf 2: Táscairí scórchlár AMR in 2022, de réir tíre

Foinse: Ríomhanna Eurostat agus an Choimisiún (Féach an larscríbhinn Staidrimh, doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, SWD(2023) 902).